

Cuairt ar Bhéal Feiriste

Úna Ní Cheannabháin

Thaisteal grúpa beag ó Phléaráca go Béal Feirste an chéad dheireadh seachtaine de mí Lúnasa. Bhí Féile an Phobail ag tosnú in Iarthar Bhéal Feirste. Turas eolais a bhí ann, le seans a thabhairt do dhaoine ó Chonamara eolas agus aithne a chur ar mhuintir Iarthar Bhéal Feirste. San grúpa a thaisteal bhí Mairéad Ní Scanláin, Meta Ní Mháille, Treasa Ní Mhaoleoin, Mandy Ní Mhurchú, Dáithí Ó Muirí, Caomhán Ó Scolaí, Róisín Ní Mhainnín agus Turlough O'Connor. Pádraic Ó Flatharta a bhí ag tiomáint an mionbhus agus sé a bhí an-fhoighneach linn ar feadh an deireadh seachtaine.

Ar an mbealach suas d'fhanamar oíche i Mell Parish Hall i nDroichead Átha — malai codlata ar an urlár crua ach bhíomar chomh tuirseach go gcodlódh muid ar 'tacks' mar a deir siad sa mBéarla. Bhí deis againn an oíche sin freastal ar choirmcheol, a bhí ar bun mar chuid de Fhéile na Bóinne, ag a raibh John Beag Ó Flatharta ag amhránaíocht, Johnny Phádraig Pheter ag casadh agus Róisín Ní Mhainnín ag damhsa.

Go luath maidin Dé Domhnaigh, thugamar ár naghaidh ar Iarthar Bhéal Feirste. Cuireadh fáilte romhainn sa gCultúrlann i mBóthar na bhFál. Chonaiceamar an 'Opening Day Carnival Parade' ar Bhóthar na bhFál. Ag tógáil páirte sa bparáid bhí floats, fancy dress, baill áitiúla Chumann Lúthchleas Gaeil agus bannaí ceoil áirithe as an áit féin agus áiteacha eile.

Thugamar ár naghaidh ar Pháirc na bhFál áit a raibh na Screaming Bin Lids ag casadh, agus freisin Caravane des Quartiers as an bhFrainc. Chuaigh muid, nó chuaigh cuid againn, (ní chuirfidh mé aon ainm ar an dream nach ndeachaigh mar bhí fonn óil orthu seo) ag breathnú ar an dráma Ceolchoirm Gigli. Bhaineamar an-tainneamh as an dráma seo, ina raibh Gearóid Ó Cearbhalláin, John 'Boy' Ó Muireagáin agus Mairín Ní Dhuibhir ag aisteoireacht.

Tar éis an dráma bhuaileamar síos ag Cumann Chluain Ard. Bhí an-oíche anseo idir léamh filíochta, séisiún ceoil, Bréag-ag casadh Reggae agus rac trí Ghaeilge agus damhsa. Dhamhsaigh mé féin agus Mairéad Ní Scanláin cúpla steip, chas mé féin cúpla stéibh de amhrán agus ar ndóigh d'ólamar ár ndóthain. Oíche,

nó ar cheart dom á rá, oíche go maidin iontach a bhí ann!

Ar ais sa gCultúrlann ansin, marbh tuirseach, málai codalta arís ach ba chuma mar bhí an oiread sult bainte againn as an oíche nár mhiste dhúinn cá gcodlódh muid!

Maidin Dé Luain, tar éis bricfeasta d'fhreastal muid ar oscailt oifigiúil Fhéile an Phobail. Bhí Ceolatón ar siúl taobh amuigh den Chultúrlann. Chuaigh mise ag breathnú ar thaispeantaisí a bhí sa gCultúrlann. Bhí ealaíon ar taispeáint ann le Robert Ballagh, Nóirín Nic Alastair, agus Margaret McCann. Thugamar cuairt ansin ar oifig Shinn Féin agus ar an 'Woman's Falls Road Centre'.

Sa trathnóna, tugadh ar thuras muid timpeall cuid de Iarthar Bhéal Feirste faoi stiúradh John Boy Ó Muireagáin agus Éamonn Ó Cionáin. Stopamar i dtosach ag 'Milltown Cemetery'. Chuaigh an áit seo i bhfeidhm go mór orm — an méid leacracha ag comóradh daoine óga a raibh bás fáighte acu de bharr na dtrioblóidí sa Tuaisceart. Uaigh amháin, ag a stopamar bhí an méid seo scríofa ar an leac:

"Interred here Vol. John Caffrey I.R.A. Died on prison ship"

Tugadh chuig uaigh Bhooby Sands ansin muid agus bhí liosta ar na huaigheanna de na fir a fuair bás ar stailc ocras na H-Blocanna sa gCeis Fhada.

D'inis Éamonn scéal dúinn faoi Seán Martin a bhásaigh agus é ag freastal ar léacht ar cén chaoi le gránáid a úsáid. Óglach de chuid an IRA a bhí ann. De thimpist thit an pionna as an ngránáid agus in áit gach a bhí ina chomhluadar á phléascadh leis féin, chlúdaigh sé an gránáid beo lena chorp agus séideadh é féin.

Ag leac uaigh eile bhí scéal brónach a bhain le Éamonn é féin. Seo go díreach an scéal mar a bhí scríofa ar an leac:

"McDonald

In loving memory of Mervyn and Rosaleen assassinated 9th July 1976

Both aged 26 years".

Iníon le Éamonn agus a fear céile a bhí i gceist.

Ar ais ar an mbus chuamar thar Cumann na Méirleach Poblachta. Is club é seo do iarphríosúnaithe, agus buaileann siad leis na cairde a rinne siad i bpriosún



Úna Ní Cheannabháin, Doire Iorrais, atá ar Scéim Fostalochta Pobail an Phléaráca, agus i ar Bóthar na bhFál i mBéal Feirste

sa Chlub. Níl cead ach ag príosúnaigh a bheith mar bhaill ar an gCumann seo!

Chuamar go Baile Andarsan ansin, áit a bhfuil Páirc Chasement, príomhpháirc peil Ghaelach Bhéal Feirste. Is anseo a dúnmharaíodh an bheirt saighdiúr Sasanach, cúpla bliain ó shoin, nuair a thiomáin siad isteach i lár sochraide.

Is i mBaile Andarsan atá an Ghaeltacht bheag, Bóthar Seoigh.

Chuamar ó Bhaile Andarsan go Baile Stiobhaird. Protastúnaigh a bhíodh ann ó thús ach bhog na teallaigh Caitliceacha isteach de réir a chéile. Anois ar thaobh amháin den bhóthar tá Caitlicigh agus brat na hÉireann crochta agus ar an taobh eile tá na Dilseoirí agus na Union Jacks crochta. Ar ndóigh ní mheascann siad. Chuaigh muid freisin go dtí an áit a rugadh Bobby Sands. Tá leac cuimhneacháin anseo dó.

Bhí an trathnóna ag sciarradh uainn, ach bhí áit amháin eile a raibh muid ag iarraidh dul, Bóthar na Seanchille agus chuaigh. Samhlaigh an bus le cláruimhir '95 G' agus 'Taisteal Chonamara' scríofa ar an taobh ag taisteal síos an bóthar seo!

Déarfainn le duine ar bith gur fiú dóibh cuairt a thabhairt ar Bhéal Feirste. Is dream an-deas, cinéalta iad agus ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leo ar fad go háirithe le Janet Muller a bhí iontach dúinn, le oibríthe an 'Caifé Glas', agus leis an gCultúrlann. Buíochas le Mairéad Ní Scanláin ó Phléaráca a d'eagraigh an turas agus le Co-operation North a chuir airgead ar fáil dó. Is fada linn go dtiocfaidh muintir Bhéal Feirste go Conamara, leis an nasc eadrainn a dhlúthú.

Tá a fhios agamsa i mo intinn féin gur mhothaigh mé difriúil agus mé ag filleadh abhaile. Bhí iontas orm le spiorad breá an phobail, suáilceas na ndaoine tar éis na mblianta fada dena trioblóidí. Le cúnamh Dé mairfidh an suaimhneas!

